Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2025
(OR. en)

9963/25
PV CONS 29
TRANS 231
TELECOM 181
ENER 222
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh)

5 agus 6 Meitheamh 2025

**CRUINNIÚ DÉARDAOIN, AN 5 MEITHEAMH 2025**

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9452/25.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

(a) **Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 9505/25

**Gnóthaí Eachtracha**

1. **Rialachán maidir le codanna áirithe de Rialachán 2015/478 a chur ar fionraí a mhéid a bhaineann leis an Úcráin** ❶C 8889/25 + COR 1 PE-CONS 7/25 POLCOM
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 4.6.2025

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, (bunús dlí: Airteagal 207(2) CFAE), agus vótáil an Ungáir ina choinne.

**An comhshaol**

2. **Treoir lena leasaítear Treoir 92/43/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le stádas cosanta an mhic tíre (*Canis lupus*)** ❶C 9212/25 + ADD 1 PE-CONS 8/25 ENV
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 28.5.2025

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE), agus staon an Bheilg, an Spáinn agus an Pholainn ón vótáil.

Leagtar ráiteas ón bPortaingéil amach san Iarscríbhinn.

IOMPAR

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

Eitlíocht

3. **Rialachán maidir le cearta aerphaisinéirí** ❶C (*) 9430/25 + ADD 1-3
(Bunús dlí a mhol an Coimisiún: Airteagal 100(2) CFAE)
*Comhaontú polaitiúil*

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil **d'fhonn a seasamh a ghlacadh ar an gcéad léamh** i ndáil leis an Rialachán maidir le cearta aerphaisinéirí mar a léirítear i dtoradh na n-imeachtaí (9795/25 + ADD 1-3).

Leagtar amach san Iarscríbhinn na ráitis ón Eastóin agus ón Liotuáin.

2. **(ar leanúint) Formheas na míreanna 'A'**

**(b) Liosta neamhreachtach** 9504/25

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis maidir leis na míreanna sin san Aguisín.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

Talamh

4. **Treoir lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta agus na meáchain údaraithe uasta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe** ❶C 9156/25
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

5. **Pacáiste ródacmhainneachta** ◐C 9155/25

(a) **Treoir maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta (lena leasaítear Treoir 2014/45/AE) agus maidir le hiniúchadh teicniúil cois bóthair (lena leasaítear Treoir 2014/47/AE)**

**(b) Treoir maidir le doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí agus sonraí clárúcháin feithiclí (lena n-aisghairtear Treoir 1999/37/CE)**
*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón gCoimisiún maidir leis an bpacáiste Ródacmhainneachta agus bhí seisiún tuairimíochta aici bunaithe ar an doiciméad thuasluaite.

**Aon ghnó eile**

6. **(a) Plódú aerthráchta**[1] 9187/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(b) Maoiniú bonneagair iompair tar éis 2027** 9473/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(c) Iarraidh ar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha mar fhreagairt ar bhagairtí trasnaíochta agus spúfála na gCóras Domhanda Loingseoireachta Satailíte (GNSS)** 9188/1/25 REV 1
*Faisnéis ón tSeicia, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón Iodáil, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón Rómáin agus ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Liotuáin, an tSeicia, an Eastóin, an Fhionlainn, an Iodáil, an Laitvia, an Rómáin agus an Spáinn ar fáil.

[1] Cur i láthair ó ionadaí Eurocontrol.

(d) **Tograí reachtacha reatha** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) ❶C

| | | |
|---|---|---|
| (i) | **Treoir maidir le ceadúnais tiomána, lena leasaítear Treoir (AE) 2022/2561, Rialachán (AE) 2018/1724 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/126/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 383/2012** | 6795/1/23 REV 1 + ADD 1 REV 1 |
| (ii) | **Treoir maidir le dícháiliúcháin tiomána** | 6796/23 |
| (iii) | **Rialachán maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002** | 10133/23 |
| (iv) | **Treoir maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann** | 6008/24 + ADD 1-3 |
| (v) | **Rialachán maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear** Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 | 11718/23 + ADD 1 |
| (vi) | **Treoir lena scoirtear d'athruithe séasúracha ama agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/84/CE** | 12118/18 |

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(e) **Cur i láthair an chúigiú Tuarascáil dul chun cinn maidir le hIompar Idirnáisiúnta Paisinéirí d'Iarnród (IRP)** F2 9186/25
*Faisnéis ón Ostair agus ón Ísiltír*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair agus an Ísiltír ar fáil.

(f) **An tionscnamh maidir le conair iompair ghlain** F2 9487/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(g) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Danmhairg*

**<u>CRUINNIÚ DÉARDAOIN, AN 6 MEITHEAMH 2025</u>**

<u>TEILEACHUMARSÁID</u>

**<u>Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha</u>**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **7.** | **Moladh ón gComhairle le haghaidh Treoirphlean ón Aontas maidir le bainistiú cibirghéarchéime**<br>(Bunús dlí a mhol an Coimisiún: Airteagal 292 CFAE)<br>*Glacadh* | C 2 (*) | 8857/1/25 REV 1 |

Ghlac <u>an Chomhairle</u> an Moladh ón gComhairle mar a leagtar amach sa doiciméad thuasluaite é.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **8.** | **Conclúidí maidir le nascacht iontaofa athléimneach**<br>*Formheas* | 2 | 7929/25 |

D’fhormheas <u>an Chomhairle</u> téacs na gconclúidí mar a leagtar amach sa doiciméad thuasluaite é.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 9. | An nascacht satailíte ina bunchloch don uathriail straitéiseach – an gá atá le cur chuige cuimsitheach<br>*Seisiún tuairimíochta* | | 8784/25 |

**<u>Aon ghnó eile</u>**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **10. (a)** | **Todhchaí na Treorach um Sheirbhísí Poist**<br>*Faisnéis ón gCoimisiún* | 2 | 9356/25 |

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(b)** | **Fánaíocht idir an tAontas agus an Úcráin agus an Mholdóiv – staid na himeartha**<br>*Faisnéis ón gCoimisiún* | 2 | 9361/25 |

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)** | **Plean gníomhaíochta Eorpach maidir le cibearshlándáil ospidéal agus soláthraithe cúraim sláinte**<br>*Faisnéis ón gCoimisiún* | 2 | 9351/25 |

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(d)** **Torthaí an phlé maidir le gníomhaíochtaí simpliúcháin sa réimse digiteach** 9383/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(e)** **Tionscnaimh idirnáisiúnta sa réimse digiteach – staid na himeartha** 9385/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(f)** **An comhar idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide a neartú – príomhthorthaí na ceardlainne 'Naisc idir an Bhruiséil agus an Ghinéiv: an tAontas Eorpach a neartú in ITU'** 9146/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(g)** **Iarraidh ar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha mar fhreagairt ar bhagairtí trasnaíochta agus spúfála na gCóras Domhanda Loingseoireachta Satailíte (GNSS)** 9198/1/25 REV 1
*Faisnéis ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón Iodáil, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón Rómáin, ón tSeicia, ón tSlóivéin agus ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Liotuáin, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Iodáil, an Laitvia, an Rómáin, an tSlóvéin agus an Spáinn ar fáil.

**(h)** **Mionaoisigh a chosaint ar dhíobháil agus ar rioscaí ar líne: fíorú aoise, dearadh atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus lán aois dhigiteach uile-Eorpach** 9110/25
*Faisnéis ón gCipir, ón Danmhairg, ón bhFrainc, ón Ghréig, ón tSlóivéin agus ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Chipir, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghréig, an tSlóivéin agus an Spáinn ar fáil, ar thacaigh an Iodáil léi ó bhéal.

**(i)** **Tuarascáil ó chruinniú airí digiteacha thíortha an Aontais sa Mheánmhuir – MED9** 9075/25
*Faisnéis ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSlóivéin ar fáil.

**(j)** **Straitéis Teicneolaíochtaí Candamacha na Spáinne (2025-2030)** 9237/25
*Faisnéis ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Spáinn ar fáil.

**(k)** **Cruinniú Mullaigh na Comhpháirtíochta Domhanda maidir leis an Intleacht Shaorga (an Bhratasláiv, an 25 agus an 26 Samhain 2025)** 9192/25
*Faisnéis ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSlóvaic ar fáil.

**(l)** **An Intleacht Shaorga agus obair leantach ón gCruinniú Mullaigh maidir le Gníomhú ar son na hIntleachta Saorga (Páras, an 10 agus an 11 Feabhra 2025)** 9360/25
*Faisnéis ón bhFrainc*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir anFhrainc ar fáil.

**(m)** **An gá le ceannasacht dhigiteach na hEorpa a neartú** 9387/25
*Faisnéis ón Ostair*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair ar fáil.

**(n) Forléargas ar imeachtaí na hUachtaránachta i réimse na teileachumarsáide agus na seirbhísí digiteacha** [2] 9386/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(o) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Danmhairg*

---

❶ An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

**Ráiteas a ghabhann leis an mír reachtach 'A' a leagtar amach in 9505/25**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir lena leasaítear Treoir 92/43/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le stádas cosanta an mhic tíre (*Canis lupus*)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL**

'Sa Phortaingéil, tugann na torthaí a fuarthas i suirbhé 2019-2021 le fios go bhfuil meath tagtha le 20 bliain anuas ar na limistéir a bhfuil mic tíre ina gcónaí iontu, nach bhfuil siad ach sa réigiún Trás-os-Montes agus sa réigiún ó dheas ó Abhainn Douro, sa limistéar timpeall ar ghleann na habhann sin.

Tháinig laghdú beag freisin ar líon na gconairteacha a braitheadh ar an leibhéal náisiúnta, agus bhí na treochtaí an-éagsúil sna ceithre áit ina raibh conairteacha cheana.

Ceann de na príomhthosca a chuireann caomhnú an mhic tíre i mbaol sa Phortaingéil is ea iad a bheith á marú go díreach ag daoine, agus is í an marú sin is cúis fós i mórán áiteanna le díothú an speicis agus/nó conairteacha.

**Ráitis a ghabhann leis an mír reachtach 'B' a leagtar amach in 9452/25**

| | |
|---|---|
| **Mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán maidir le cearta aerphaisinéirí**<br>(Bunús dlí a mhol an Coimisiún: Airteagal 100(2) CFAE)<br>*Comhaontú polaitiúil* |

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN**

'Cuireann an Eastóin in iúl gur mór aici na hiarrachtaí móra a rinne Uachtaránacht na Polainne maidir leis an bplé a stiúradh i ndáil leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 maidir le cearta aerphaisinéirí agus na hiarrachtaí a rinne sí ar mhaithe le teacht ar chomhréiteach i measc na mBallstát. Tá an Eastóin tiomanta i gcónaí rialacha soiléire simplí a bhunú lena ráthófar cúram agus cúnamh cuí do phaisinéirí. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach cur chuige cothrom a choinneáil ar bun lena gcuirtear san áireamh oibleagáidí na n-aeriompróirí, rud a thacóidh le hinbhuanaitheacht na hearnála eitlíochta.

Áiritheofar leis an Rialachán, go príomha, go bhfaighidh paisinéirí cúram agus cúnamh iomchuí agus go mbeidh siad in ann a gceann scríbe a bhaint amach a luaithe is féidir le réasún. Tá córas cúitimh atá soiléir agus simplí fíor-riachtanach chun an mhíchaoithiúlacht a íoslaghdú le linn cur isteach ar thaisteal agus chun iompróirí a dhreasú le heitiltí a bhfuil moill orthu a oibriú seachas iad a chur ar ceal.

Le linn na caibidlíochta, moladh tairseacha moilleanna éagsúla. Tacaíonn an Eastóin le **tairseach aonfhoirmeach moille de 5 uair an chloig** a thabhairt isteach do gach eitilt, gan beann ar fhad an turais, faoi Airteagal 7 de Rialachán 261/2004. Seo a leanas an réasúnaíocht mhionsonraithe atá againn:

1. Dá n-úsáidfí tairseach aonair, dhéanfaí an Rialachán a shimpliú, bheadh ríomhanna na gcúiteamh níos simplí agus shoiléireofaí rialacha cúitimh do phaisinéirí.
2. Ó thaobh an phaisinéara de, tá an tionchar a bhíonn ag moilleanna ar eitiltí mar an gcéanna go bunúsach, gan beann ar fhad an turais. Dá bhrí sin, ní gá idirdhealú a dhéanamh idir tairseacha cúitimh atá bunaithe ar fhad an turais, toisc nach dtagann aon athrú ar an míchaoithiúlacht de dheasca moilleanna.
3. I bhformhór na gcásanna, is leor 5 uair an chloig do chuideachtaí aeir chun an t-eitleán a dheisiú, aerárthach eile a aimsiú nó eitiltí malartacha a chur ar fáil.

I bhfianaise na mbreithnithe sin, ní féidir linn glacadh leis an tairseach 6 uair an chloig a mhol an Uachtaránacht sa togra comhréitigh. Measann an Eastóin go mbíonn míchaoithiúlacht shuntasach ann do phaisinéirí nuair a bhíonn moilleanna 5 uair an chloig nó níos mó i gceist agus gur cheart iad a chúiteamh ina leith.

I bhfianaise thábhacht na saincheiste sin, níl an Eastóin in ann an comhaontú polaitiúil i ndáil leis an Rialachán maidir le Cearta Aerphaisinéirí a fhormhuiniú agus staonfaidh sí ón vóta, dá bhrí sin.'

## RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA LIOTUÁINE

'Go ginearálta, tacaíonn Poblacht na Liotuáine le cuspóirí an togra le haghaidh Cearta Aerphaisinéirí agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí a rinne an Uachtaránacht chun Comhaontú Polaitiúil a bhaint amach maidir leis an sainchomhad sin.
Mar sin féin, cé go n-aithníonn an Liotuáin cothromaíocht fhoriomlán an dréacht-togra, measann sí nach bhfuil príomhghnéithe áirithe dó ag teacht leis na rialacha is infheidhme faoi láthair fiú agus go laghdódh siad cosaint paisinéirí. Go háirithe, lagódh an téacs atá beartaithe in Airteagal 7 den dréachtchomhaontú polaitiúil cearta paisinéirí i gcás ina gcuirtear isteach ar eitilt nó má bhíonn moilleanna ar theacht isteach dóibh tar éis athródú a dhéanamh i gcás ina gcuirtear an eitilt ar ceal, rud a d'fhágfadh go mbeadh amanna feithimh níos faide agus cúiteamh laghdaithe ann i leith na míchaoithiúlachtaí a tharla.

Measann Poblacht na Liotuáine gurb é príomhchuspóir na reachtaíochta maidir le Cearta Paisinéirí Eitlíochta na rialacha atá ann faoi láthair a shimpliú agus a thabhairt cothrom le dáta, soiléireacht na n-oibleagáidí a áirithiú do na páirtithe ar fad lena mbaineann, agus cosaint leordhóthanach chothrom a chur ar fáil do phaisinéirí. Ag an am céanna, tugann Poblacht na Liotuáine dá haire go bhfuil raon mór ionstraimí eile ar fáil ag an Aontas Eorpach chun iomaíochas na hearnála eitlíochta sa mhargadh domhanda a neartú. Níor cheart, áfach, go rachadh iomaíochas thionscal eitlíochta na hEorpa chun dochair do chearta taistealaithe. Áitíonn Poblacht na Liotuáine gurb iad cearta paisinéirí an ghné is tábhachtaí agus gur cheart go mbeadh siad i gcroílár an togra seo chun go n-uasmhéadófaí a luach don tsochaí.'